AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2021
COM(2021) 317 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hAilgéire go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Ailgéir doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Uimh. xx/2021 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hAILGÉIRE

an [ll/mm/bbb]

lena dtagtar ar chomhaontú maidir le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hAilgéire

COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hAILGÉIRE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Ailgéir, den pháirt eile ('an Comhaontú Eora-Mheánmhara'),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, síníodh é an 22 Aibreán 2002 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005[1].

(2) Le hAirteagal 94 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, tugtar de chumhacht don Chomhairle Comhlachais cinntí iomchuí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Le Cinneadh Uimh. 1/2017 ón gComhairle Comhlachais an 13 Márta 2017, tháinig an tAontas Eorpach agus an Ailgéir ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta chun an chomhpháirtíocht a threorú le haghaidh na tréimhse 2016-2020.

(4) Trí mhalartú litreacha, tháinig an dá pháirtí ar chomhaontú maidir le bailíocht leanúnach Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hAilgéire mar dhoiciméad treorach chun an chomhpháirtíocht a chomhdhlúthú go dtí go nglacfar Tosaíochtaí Comhpháirtíochta nua atá tugtha cothrom le dáta.

(5) Le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhlachais, foráiltear maidir leis an bhféidearthacht cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh;

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Cinneann an Chomhairle Comhlachais, ag gníomhú di trí nós imeachta i scríbhinn, go gcuirtear síneadh le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hAilgéire atá i gceangal le Cinneadh Uimh. 1/2017 dá cuid an 13 Márta 2017, go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Ailgéir doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

[1] An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile; IO L 265, 10.10.2005, lgh. 2-228

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa xx, [lá mí bliain].

Thar ceann na Comhairle Comhlachais